

TOABH ISTIGH

Lá na Laochra 2
Teanga

Fiontraíocht na 2
hIdirbhliana

Drís-Óg & 2
Scléip

Foirne Spóirt 2

Turas chuig 3
Gaeltacht Ráth
Cairn

Diospóireacht 4
Uí Chadhain

Duaiseanna 4

Dátaí don 4
Dialann

Coláiste Chroí Mhuire

E A G R Á N 1 8

E A N Á I R 2 0 1 9

Focal ón bPríomhoide

Go raibh athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise agaibh ar fad. Faoin am seo tá téarma mór curtha isteach ag an 60 scoláire a thosaigh linn sa chéad bhliain i mbliana. Is álainn an grúpa daltaí iad, cuireann a gcuid fuinnimh, buanna agus dearfachta go mór leis an scoil. Guíonn muid gach rath orthu agus oraibh a muintir agus glacann muid buíochas libh as ucht an scoil a roghnú.

Faoin am seo freisin tá céim mhór eile tógtha ag rang na hArdteiste 2018. Tá súil againn go bhfuil said sásta leis an mbóthar nua atá tógtha acu, agus, mar is eol dóibh taimid ar fáil má bhíonn aon chomhairle eile uathu amach anseo.

Bhí an chéad téarma thar a bheith gnóthach. Bhí an scoil rannpháirteach sa tástáil idirnáisiúnta PISA i mí na Samhna agus bhí 64 scoláire rannpháirteach san athbhreithniú atá á dhéanamh go náisiúnta ar an tSraith

Shinsearach i mí na Nollag. Is iontach an rud é go mbeifear ag éisteacht le guth

an scoláire sa phróiseas seo, agus caithfear a rá go raibh na háisitheoirí ón NCCA an-tógtha le smaointe agus le tuairimí na ndaltaí.

Tá guth an scoláire rithabhachtach freisin maidir leis an bpróiseas féinmheastóireacht scoile. Mar is eol daoibh táimid féin rannpháirteach sa Scéim Aitheantais

mar Scoil Ghaeltachta. Bhí seisiún oibre ag gach rang sa scoil le hIníon Ní Uallacháin maidir leis an scéim agus ag teacht ó na seisiúin sin bhí lá ag thart ar 52 de na scoláirí sa Chrúiscín Lán díreach roimh Nollaig. Rinne an grúpa obair mhór an lá sin. Chas said ar iar-scoláirí a labhair leo faoi thábhacht na Gaeilge in a saolta féin. Phléigh said córas mhonatóireacht teanga na scoile, rinne said obair ar pholasaí na Gaeilge agus cheap said Fo-Choiste Stiúrtha le Gaeilge a chur chun cinn. Tá moladh mór tuillte ag na scoláirí agus táimid ag tnúth go mór lena gcuid moltaí agus tuairimíochta.

Molaim na scoláirí agus glacaim buíochas mór leis na múinteoirí a oibríonn agus a



Comhghairdeas le Bróna Ní Uallacháin, Katie Ní Ghallachobhair agus Máire Ní Fhrighíl a bhuaigh duaiseanna liteartha ag an Oireachtas i mbliana. Bhuaigh Katie Ní Ghallachobhair scéalaíocht faoi 16 - céad áit agus bhuaigh Máire Ní Fhrighíl iriseoireacht faoi 21 - céad áit.



Comhghairdeas leis na daltaí a fuair teastas ón ollscoil le déanaí de bharr "A" a fháil i staidéar gnó sa scrúdú teastas sóisearach.

Ar chúl: Conor Ó Drisceoil, Séan Ó Gallchobhair, Neasa Uí Choileáin, Mairéad Uí Dhiollúin agus an Dochtúir Gerard Turley, OÉ Gaillimh
Chun tosaigh: Fódhla Ní Bhraonáin, Liadan Canny, Ana Breathnach agus Emma Ní Churraoin



Lucht na céad bliana ag baint taitneamh as séo eolaíochta a bhí ar súil i rith seachtain na hEolaíochta sa chéad téarma

chuidíonn leo barr a gcumais a bhaint amach. Tréaslaím leis na foirne spóirt ar fad, leis na fiontraithe, leis an gCoiste Gaelbhratach, leis na ceoltóirí, leis na scoláirí ar fad ar éirigh chomh maith sin leo san Oireachtas, leis na scríbhneoirí agus leis na díospóirí. Nár laga daoibh sibh i 2019 ná choíche. Ár mbuíochas mar phobal scoile do Bhean Uí Choileáin, a chuireann an nuachtlitir seo le chéile, agus a choiníonn Facebook agus ccm.ie suas chun dáta. Caitheann Bean Uí Choileáin go leor dá cuid ama air ag treisiú leis an gcumarsáid idir an scoil agus mór phobal na scoile, ní jab éasca é.

Triona Uí Mhurchú

Breis pictiúir & scéalta ar www.ccm.ie

facebook

Coláiste Chroí Mhuire

Lá na Laochra Teanga

Bhí lá iontach spraoi agus smaoinimh againn ag Lá na Laochra teanga, eagraithe ag Bróna Ní Uallacháin. Bhí breis is 50 dalta páirteach- ag roinnt smaointe agus ag obair ar bhealaigh cliste le Gaeilge a chur chun cinn sa scoil. Míle buíochas le hiar scoláirí Loretta Ní Ghabhann ó Lorg Media agus Colm Ó Fatharta ó Ros na Rún a tháinig isteach le smaointe agus neart scéalta a roinnt linn agus leis an gCruiscín Lán a thug an oiread sin tacaíochta dúinn. Tá muid an-bhuíoch freisin do Bn Uí Dhiollúin agus Iníon Ní Ráinne as an gcúnamh uilig ar an lá agus ar ndóigh ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar Santa a tháinig chun bronntanas bheag a bhronnadh ar gach duine a bhí chomh maith i rith an lae!! Laochra Labhartha abú!!



Fiontraíocht na hIdirbhliana




Seo an comhlacht Idirbhliana 'BASCA' (Bróna, Aoife Nic Eoin, Sarah Nic Eoin, Chloe Breathnach agus Aifric Ní Ghibne) agus na túaíle gréithe áille seo deartha acu. Tá seit 2 thúáille ar fáil ar chostas €10 an seit. Más mian libh seit a cheannach, déan teagmháil linn anseo sa scoil nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig tgbasca@gmail.com. Míle buíochas le chuile dhuine a thacaigh leis an togra seo - ár gcustaiméirí agus comhairle Thurlaigh sa 'Spailpín Fánach'!!!



Scléip 2018

Seo cuid de dhaltai na scoile ag glacadh páirte i gcomórtas Scléip, atá eagraithe ag Gael Linn. Ba mhaith linn comhghairdeachas a dhéanamh leis na ndaltaí agus le Hilary Vesey a bhíonn á threorú.



Dris-óg



Bhí an-bhliain ag Dris-Óg, banna ceoil na scoile (Finnán, Dara, Séan agus Katie) go dtí seo i mbliana. Rinne siad fiseán ceoil, le cúnamh ó lucht na hIdirbhliana, d'éirigh leo áit a bhaint amach i gceolbheathnasc Beo 2018 ag Oireachtas na Samhna agus anois tá siad ainmnithe do ghradaim cheoil Níos a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir sa rannóg 'Nuíosach na Bliana'. Comhghairdeas leo agus go n-éirí leo!

FOIRNE SPÓIRT



Idirbhliain - Turas Gaeilge go Gaeltacht Ráth Cairn

Bhain lucht na hidirbhliana an-taitneamh as an turas Gaeilge go Gaeltacht Ráth Cairn i gContae na Mí. Chonaic siad an seó 'Aisling', rinne siad siúlóid stairiúil ar an gceantar, thug siad cuairt ar an mbunscoil le breathnú ar thaispeántas ceoil agus lúibíní agus thug siad cuairt ar Choláiste Ráth Chairn, áit ar chas siad le déagóirí na Gaeltachta le haghaidh Tráth na gCeist, spórt agus le haithne

a chur ar a chéile. Fair plé dó Bhróna, Liadan agus Aifric a bhí ag gabháil fhionn do na daltaí thuas ann. Buíochas le Lucy Ní Mhuineog agus Pádraic Ó Gráinne a thaisteal leo.



DÍOSPÓIREACHT UÍ CHADHAIN: CRAOBH NA HEIREANN 2019



Tréaslaíonn muid leis an dá fhoireann díospóireachta ar éirigh leo dul ar aghaidh go dtí an Craobh Náisiúnta. Labhair **Óisín ó Coistealbha, Eoghan Ó Neachtain agus Ailbhe Ní Neachtain** go paiseanta in aghaidh an ruin a mhaigh go raibh deireadh le comhar na gcomharsan in Éirinn. Cuireadh an Spidéal agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne ar aghaidh tar éis iomaíocht ghéar idir Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair, Scoil Chuimsitheach Chíaráin, an Cheathrú Rua, muid fein agus Daingean Uí Chúis. Ar an bhfoireann shinsearach bhí **Aoife Nic Dhonnacha, Siobhan Ní Neachtain agus Aisling Ní Chonghaile**. Phléigh siad an rún ‘Tá na meáin thraidisiúnta cloíte ag na meáin shóisialta’. Arís bhí argóintí láidre agus uaireanta barúla le cloisteáil ó na foirne ar fad. Ach ag an deireadh cháiligh muid féin agus Scoil Chuimsitheach Chíaráin. Táimid ag súil le lá mór a bheith againn ar an **23ú Eanáir** ag an **gCraobh Náisiúnta I mBiorra, Co. Ulbh Fáillí**. Glacann muid buíochas mór leis an mbeirt mhúinteoir a bhí ag obair leo, **Caitríona Ní Ghriallais agus Tríona Uí Mhurchú**, leis na tuismitheoirí ar fad a chabhraigh go mór leo agus leis an bhfoireann agus scoláirí na scoile a thug an t-uafás tacaíochta agus cúnamh do na foirne.



Fón: 091-553113

Faics: 091-553412

Ríomh-phost: runai@ccm.ie

Suíomh Idirlín: www.ccm.ie

OIREACHTAS NA SAMHNA 2018

Oireachtas na Samhna 2018 & duaiseanna faighte ag ár ndaltaí/Múinteoirí – Maith sibh!

Comórtas	Daltaí	Áit
Comórtas 18: Agallamh Beirte (15-18)	Fódhla Ní Bhraonáin (Idirbhliain) & Cainnear Nic Réamoinn (3ú Bl)	An Chéad Duais: Boinn Airgid
Comórtas 21: Lúibíní (15-18)	Bróna Ní Cheallacháin (Idirbhliain) agus Liadan Canny (Idirbhliain)	An Chéad Duais: Corn Cuimhneacháin Shorcha Uí Pheatáin agus Bonn airgid
Comórtas 21: Lúibíní (15-18)	Éadaoin Nic Dhonncha (3ú Bl) agus Cainnear Nic Réamoinn (3ú Bl), Indreabhán	An Dara Duais: Boinn cré-umha

COMÓRTAS 29: Sceitse (daoine fásta)

An Chéad Duais: Corn Eibhlín Ní Chathailriabhaigh, Boinn airgid & €400
Páid Ó Neachtain, Bróna Ní Uallacháin (Múinteoir) & Aisling Ní Neachtain



Ar chlé: Seo iad na buaiteoirí sa chomórtas bailiúchán béaloidis a d'eagraigh Cumann Béaloidis Chonamara i gcomhar le COGG i mbliana. Ba iad an Dr Lillis Ó Laoire agus an tOllamh Ríonach Uí Ógáin a rinne an mheasúnóireacht. Tháinig Kate Scott sa chéad áit, Aisling Ní Chonghaile sa dara háit agus Róisín Ní Dhiompsaigh agus Rosanna Ní Chúlain sa tríú háit



Thuas: Comhghairdeas le hAilbhe Ní Chualáin, Méabh Ní Chualáin agus Mathilda Warsop a d'éirigh lena gcuid saothar scríbhneoireachta a bheith foilsithe i gComhar Óg. Maith sibh a chailíní.

DÁTAÍ DON DIALANN

- ✓ 14ú Eanáir: Dúnta (Cúrsa inseirbhíse ag na múinteoirí)
- ✓ 15ú Eanáir: Cruinniú Tuismitheoirí 4ú (4.15-6.45)
- ✓ 23ú Eanáir: Craobh náisiúnta de chomórtas díospóireachta Uí Chadhain, Biorra, Co. Ulbh Fáillí.
- ✓ 4ú—12ú Feabhra: Bréagscrúduithe ag tosú
- ✓ 18 ú- 22ú Feabhra: Briseadh lár-thearma
- ✓ 18ú Márta: Dúnta (Lá Fhéile Pádraic)
- ✓ 28ú - 31ú Márta: Turas scoile go dtí Barcelona
- ✓ 15ú - 26ú Aibreáin: An Cháisc